National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Foghlaim Pobalbhunaithe sa Chumarsáid

. Tá raon modúl foghlaim seirbhíse / pobalbhunaithe ar fáil in OÉ Gaillimh trínar féidir le mic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht chreidiúnaithe a bhaineann leis an ábhar staidéir atá roghnaithe acu chun tairbhe an phobail.

Comhthéacs Teagaisc

Ábhar	Cumarsáid na Gaeilge
Rionn	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Rannpháirtithe	Mic Léinn 3ú Bliain B.A. (Cumarsáid)
Oideolaíocht	Foghlaim Pobalbhunaithe
Modh	Ullmhú ranga mar aon le seirbhísí cumarsáide a sholáthar le freastal ar riachtanas sa phobal.
Rannpháirtithe	Áit tairgthe do 20 mac léinn.
Uaireanta	Lánaimseartha
Creidiúintí	60 ECTS
Bunábhair	Uirlisí cruthaitheacha d'ábhair sna meáin
Measúnacht	Beidh ról lárnach ag machnamh sa phróiseas measúnachta agus úsáidfear raon modhanna lena n-áirítear portfóiliónna, dialanna foghlama, láithreoireachtaí agus cruthú ábhair do na meáin mhachnamhacha
Fad	2 sheimeastar
Comhpháirtithe Pobail	Le dearbhú
Roghnach/ Éigeantach	Roghnach
Bliain Tosaithe an Mhodúil	2008/2009

Réamhrá

Oilfear mic léinn le déileáil leis na dúshláin a bhaineann le ré nua cumarsáide atá ag teacht chun cinn in Éirinn. Trí mheascán scileanna pearsanta agus praiticiúla, tá sé mar aidhm againn mic léinn a threorú i dtreo foghlaim ar feadh an tsaoil mar aon le feasacht bhreise de fhreagracht shóisialta agus an ról a bheidh acu sa tsochaí. Le linn dóibh a gcuid scileanna a fhoghlaim agus a fhorbairt chun leasa an phobail, gheobhaidh mic léinn tuiscint ar an bpoitéinseal atá acu mar ghníomhairí athraithe sa tsochaí.

Foghlaim Pobalbhunaithe sa Chumarsáid
Tugann an modúl seo ar fiú 60 ECTS é deis do mhic léinn 3ú bliana B.A. (Cumarsáid) a gcuid scileanna acadúla agus gairmiúla a fheabhsú trí sheirbhísí riachtanacha cumarsáide a sholáthar do chomhpháirtithe pobail. Lena chois sin, cuirfidh siad lena scileanna teangeolaíocha trí thumoideachas i dtimpeallacht labhartha Gaeilge Ghaeltacht Chonamara.

Bonn Acadúil
Tá an ghné foghlaim pobalbhunaithe ar cheann de thrí rogha atá ar fáil sa mhodúl éigeantach "bliain shaor" den B.A. (Cumarsáid) agus is fiú 60 ECTS thar dhá sheimeastar é. Beidh idir léachtaí agus ceardlanna i gceist chun an méid a foghlaimíodh sa dá bhliain tosaigh den chéim a thabhairt le chéile. Feabhsófar na scileanna seo trí 'gníomhaireacht' cumarsáide a fhorbairt agus é mar aidhm taighde agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí nó ar sheirbhísí cumarsáide a theastaíonn ó na comhpháirtithe pobail. I ngach seimeastar déileálfar le saincheist dhifriúil nó comhpháirtithe difriúla. I ndiaidh measúnú riachtanas agus céim togra tionscadail sa phobal, foghlaimeoidh mic léinn óna dtaithí trí mhiontionscadail sa chéad seimeastar agus cuirfidh siad feachtas poiblíochta ar chaighdeán gairmiúil le chéile sa dara seimeastar.

Measúnacht
Comhaontaítear na torthaí foghlama ag tús gach seimeastair, bunaithe ar leibhéal acadúil an ghrúpa, spriocanna pearsanta na mac léinn aonair agus riachtanais an chomhpháirtí pobail. Cuid lárnach den phróiseas foghlama é machnamh agus gné rialta i sceideal seachtainiúil oibre na mac léinn a bheidh ann. Beidh modhanna éagsúla machnaimh i gceist chun stíleanna difriúla foghlama a chur san áireamh agus ina measc beidh machnamh scríofa, machnamh ó bhéal agus machnamh cruthaitheach; déanfar an machnamh ar bhonn aonair, le piaraí agus le teagascóirí. Cé nach mór go mbeadh an táirge atá á sholáthar don phobal ar ardchaighdeán, bronnfar gráid ar mhic léinn bunaithe ar fhoghlaim seachas ar tháirgiúlacht. Uirlis úsáideach a bheidh sa phróiseas machnaimh chun caighdeán na foghlama acadúla a mheas, le cois forbairt phearsanta agus ghairmiúil.

Tairbhe do Mhic Léinn

Tá léargas maith tugtha ar na buntáistí a d'fhéadfadh mic léinn a bhaint as foghlaim pobalbhunaithe. Ina measc tá feasacht níos fearr ar an bpobal, tuiscint níos fearr ar an ábhar, comhtháthú idir teoiric agus cleachtas, mar aon le forbairt phearsanta agus ghairmiúil le coinsias sóisialta. Sa chomhthéacs áirithe seo, gheobhaidh mic léinn tuiscint ar a gcumas cur ar bhealach cuiditheach le pobal na Gaeilge agus le tionscal na meán in Éirinn. I láthair na huaire, is é seo an t-aon mhodúl lánaimseartha céime ina bhfuil foghlaim pobalbhunaithe in úsáid; dá bhrí sin, beidh mic léinn páirteach freisin i sampla suaitheanta na hollscoile de rannpháirtíocht champais/phobail.

Tairbhe don Phobal

Le roinnt mhaith blianta, le linn dóibh craoltóireacht seirbhíse poiblí a sholáthar, d'fháiltigh pobal na meán Gaeilge roimh mhic léinn ar thaithí oibre. Anois soláthróidh mic léinn táirgí cumarsáide 'seirbhís phoiblí' go díreach d'eagraíochtaí neamhbhrabúis a bhfuil sé mar mhisean acu forbairt pobail a chur chun cinn. Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge tiomanta d'fhorbairt na Gaeltachta trí ardoideachas a sholáthar ar an gcampas i gConamara, i nDún na nGall agus i gCiarraí. Trí chúrsaí cosúil leis an B.A. (Cumarsáid) a sholáthar, tá an tAcadamh ag cur na teanga chun cinn, ag treisiú an bhraistint phobail agus ag spreagadh inbhuanaitheacht na Gaeltachta trí chéile.

Dearcadh Acadúil

Tiomantas fadtréimhseach comhshochair idir an campas, an mac léinn agus an ghníomhaireacht atá i gceist le comhpháirtíochtaí pobail a bhfuil sé mar aidhm leo cur le foghlaim na mac léinn, spriocanna forbartha pobail na gníomhaireachta agus misean comhpháirteachas poiblí na hollscoile. Oideolaíocht réasúnta nua in Ardoideachas na hÉireann é foghlaim pobalbhunaithe agus teastaíonn aistriú paraidíme ina leith i dtreo foghlaim ó thaithí mac léinn-lárnach. D'fhéadfadh go leor buntáistí a bheith i gceist anseo do na rannpháirtithe uile agus d'fhéadfadh torthaí suntasacha a bheith i gceist go fadtréimhseach.